C/2023/1250

28.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11310 — MHI / MELCO / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1250)

1. An 17 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsubishi Heavy Industries, Ltd. ('MHI', an tSeapáin), ar cuideachta é atá liostaithe go poiblí agus a bhfuil úinéireacht a scaireanna scaipthe go forleathan agus nach bhfuil faoi rialú aon tríú páirtí,

— Mitsubishi Electric Corporation ('MELCO', an tSeapáin), ar cuideachta é atá liostaithe go poiblí agus a bhfuil úinéireacht a scaireanna scaipthe go forleathan agus nach bhfuil faoi rialú aon tríú páirtí,

— Cuideachta nuachruthaithe, an chuideachta chomhtháthaithe, ('an comhfhiontar', an tSeapáin).

Gheobhaidh MHI agus MELCO rialú comhpháirteach ar an gcomhfhiontar de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá MHI gníomhach i ngnólachtaí córas fuinnimh (córais ghiniúna cumhachta), gléasraí agus córais bhonneagair (longa tráchtála, innealtóireacht, etc.), lóistíocht, córais theirmeacha agus tiomána (trealamh láimhseála ábhar, innill, córais aerchóirithe, etc.), aerárthaí, cosaint agus spás,

— Tá MELCO páirteach i ngnólachtaí na gcóras fóntais phoiblí, na gcóras fuinnimh, na gcóras cosanta agus spáis, na gcóras uathoibrithe monarchan, an trealaimh mótarfheithiclí, na gcóras tógála, an aerchóiriúcháin agus táirgí tí, na gcóras faisnéise agus na seirbhísí líonra, agus leathsheoltóirí,

— Beidh an comhfhiontar gníomhach i ngnó na gcóras giniúna cumhachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11310 — MHI / MELCO / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË